



Scoil Bhríde,
Mionloch,
Gaillimh.
Guthán: 091-762323
Uimhir Rolla: 17759J
www.scoilbhríde1862.ie

Beartas Maidir le Clárú – Scoil Bhríde

Cuspóirí

1. Chun eolas agus soiléiriú a chur ar fáil do thuismitheoirí atá ag clárú leanaí i Scoil Bhríde, Mionloch.
2. Chun cinntiú go bhfuil córas rollaithe cothrom i bhfeidhm sa scoil.

Eolas Ginearálta

Is scoil Chaitliceach chomhoideachais í Scoil Bhríde atá faoi phátrúnacht Martin Drennan, Easpag Na Gaillimhe. Is Scoil sa Ghaeltacht í de réir na Roinne Oideachais Agus Scileanna.

Faoi láthair tá seachtar múinteoirí ar an bhfoireann scoile; an príomhoide agus múinteoir thacaíocht foghlama san áireamh. Tá beirt mhúinteoirí acmhainne páirtaimseartha, CRS (cúntóir riachtanas speisialta) páirtaimseartha, rúnaí páirtaimseartha, glantóir agus feighlí scoile fostaithe sa scoil freisin.

Múintear an réimse iomlán ranganna sa scoil agus is ranganna measctha iad ó thaobh inscne.

Is ar an Roinn Oideachais agus Scileanna a bhraitheann an scoil ó thaobh deontais agus acmhainní múinteora a chuirtear ar fáil. Caithfear an méid maoinithe agus an méid acmhainní a chur san áireamh i gcomhthéacs beartais maidir le clárú.

Leantar an curaclam atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna sa scoil.

D'fhéadfadh an curaclam thuasluaite athrú ó am go céile. Tacaímid le cleachtas uileghabhálach oideachais agus comhionannas rochtana inár scoil. Tuigimid go bhfuil ilghnéitheacht maidir le luachanna, creidimh, teangacha agus traidisiúin inár sochaí agus tá meas againn ar an ilghnéitheacht sin.

Osclaíonn Scoil Bhríde ar 9.20 r.n. do na leanaí agus dúnann sí ar 3.00 i.n. Críochnaíonn ranganna na naíonáin ar 2.00 i.n. Cuirtear féilire na scoile, a léiríonn na laethanta saoire, ar fáil do thuismitheoirí gach bliain i mí Mheán Fómhair.

Nós Imeachta an Chlárúcháin

Ba chóir iarratais chlárúcháin a bheith déanta i mí Feabhra, nó fiú roimhe sin, sa bhliain roimh go bhfuil sé i gceist go seolfar an páiste ar scoil. Mar shampla, más rud é go bhfuil an páiste le tosú ar scoil i mí Mheán Fómhair, ba chóir go mbeidís cláraithe le Scoil Bhríde an Feabhra roimh ré.

Beidh ar thuismitheoirí nua eolas áirithe a sholáthar do Scoil Bhríde, ar nós an eolais ábhartha seo a leanas:-

- ❖ Ainm, seoladh agus dáta breithe an dalta.
 - ❖ Ainmneacha agus seoltaí thuismitheoirí/chaomhnóirí an dalta.
 - ❖ Uimhreacha gutháin.
 - ❖ Uimhreacha gutháin i gcás éigeandála.
 - ❖ Sonraí maidir le haon riocht leigheas ar chóir a bheith ag an scoil.
 - ❖ Sonraí maidir le haon ordú dlí ar chóir a bheith ag an scoil.
 - ❖ Creideamh.
 - ❖ Scoileanna roimhe seo agus an chúis leis an aistriú.
 - ❖ Athchur chuig gníomhaireachtaí eile faoi láthair nó roimhe seo.
 - ❖ Aon eolas ábhartha eile lena n-áirítear aon eolas forordaithe faoin Acht Oideachais (Leas) 2000.
-
- Tá foirmeacha clárúcháin ar fáil ón bpríomhoide/rúnaí. Is féidir le daoine nua sa cheantar clárú le linn na scoilbhliana.
 - Cuirfear ainmneach na bpáistí, a bhfuil a gcuid foirmeacha clárúcháin agus teastas breithe/uchtaithe seolta isteach, ar liosta feithimh an ranga a luaitear.
 - Ní dhiúltófar iontráil d'aon pháiste ar bhonn eitneachta, riachtanais speisialta oideachais, míchumais, teanga/blas, inscne, stádas mar lucht siúil, stádas mar iarrthóir tearmainn/theifeach, creideamh agus luachanna reiligiúnach/polaitiúil nó ar bhonn teaghlaigh agus slí bheatha sa tsochaí.
 - Iniata leis an bhfoirm chlárúcháin tá na foirmeacha toilithe seo a leanas:
 - Múineadh an chlár 'Stay Safe'/'RSE' do do pháiste
 - Ullmhúchán dá bpáiste do na sacraimintí
 - Cód Iompair Scoil Bhríde
 - Foilsiú obair an pháiste ar shuíomh na scoile
 - Foilsiú grianghraf den pháiste ar an suíomh scoile (gan ainm an pháiste luaite)
 - Cead freastal ar imeachtaí scoile
 - Cead úsáide na seirbhísí idirlín d'obair rang bunaithe

Cinntí maidir le Clárú

Cé go n-aithnítear ceart tuismitheoirí a bpáistí a chlárú i cibé scoil a roghnaíonn siad, tá Bord Bainistíochta Scoil Bhríde freagrach as na cearta agus na fachtóirí atá ábhartha do shláinte agus do shábháilteacht na bpáistí atá cláraithe i Scoil Bhríde cheana agus d'fhoireann na scoile.

Ba chóir go mbeadh páistí ceithre bliana d'aois roimh an Meán Fómhair ina bhfuil siad le tosú ar scoil. Molaimid do thuismitheoirí de pháistí ceithre bliana d'aois a bheith aireach faoi fhorbairt shóisialta, fhisiciúil agus mhothúchánach a ngasúir roimh an gcinneadh a dhéanamh iad a sheoladh ar scoil.

Ní ba chóir go mbeadh naíonáin nua cláraithe le linn na scoilbhliana.

Is féidir le leanaí aistriú ó scoileanna i lár na bliana ag brath ar uimhreacha agus spás sa scoil. De ghnáth, tharlódh sé seo i gcás teaghlach ag bogadh go scoilcheantar Scoil Bhríde le linn na scoilbhliana. De ghnáth, ní ghlacfaidh Scoil Bhríde le haistriú daltaí ó scoileanna eile le linn na scoilbhliana, nuair nach bhfuil teaghlach tar éis bogadh isteach i dteach sa scoilcheantar. Ba chóir d'aistrithe dá leithéid tarlú ag tús na scoilbhliana.

Is le Scoil Bhríde an cinneadh maidir le roghnú páistí - San áireamh sna tosca úsáidte:

1. Deirfiúracha agus deartháireacha sa scoil cheana. Cuirfear leas deirfiúracha agus leas deartháireacha atá ina gcónaí ag an seoladh céanna san áireamh freisin.
2. Páistí fhoireann na scoile.
3. Is iad seo a leanas na ceantair ar a bhfreastalaíonn an scoil: Mionloch, Coill Uachtair, Carraig Bhán agus Cúil Each.
4. Gasúir d'iardhaltaí na scoil.
5. Déanfar tús freastail ar na hiarratais is túisce ó thaobh dáta na foirme maidir leis na háiteanna eile a líonadh.

Clárú Páistí le Riachtanais Speisialta

Gheobhaidh páistí le riachtanais speisialta cabhair phearsanta ar aon dul leis an leibhéal acmhainní atá ag teastáil, má chuirtear an t-eolas seo ar fáil roimh ré, roimh iontráil an pháiste sa scoil, ón Roinn Oideachais agus Scileanna don Bhord Bainistíochta. Caithfear cóip d'aon tuairisc liachta/síceolaíochta faoi leanaí le riachtanais speisialta oideachais, más ann dá leithéid, a chur ar fáil don scoil do ghasúr RSO gur mian leo clárú. Déanfar é seo ionas gur

féidir leis na múinteoirí smaoineamh faoi conas gur féidir leo riachtanais fhoghlama na bpáistí seo a chomhlíonadh.

Tá sé riachtanach go bhfuil bonn tacaíochta eagraithe don pháiste roimh go dtosaíonn siad ar scoil. D'fhéadfaí a leithéidí seo a bheith san áireamh:-

- Teacht ar sheirbhísí múinteoirí ar cuairt
- Tacaíocht ón múinteoir tacaíochta
- Cúntóir Riachtanas Speisialta a bheith curtha ar fáil
- Uirlisí agus troscáin curtha in oiriúint don mhí chumas
- Seirbhísí taistil

N.B.:- Cuirfear oideachas ar pháistí le riachtanais oideachas speisialta i dtimpeallacht uileghabhálach le páistí gan riachtanais dá leithéid, chomh fada agus nach bhfuil nádúr nó leibhéal riachtanais an pháiste ar neamh réir leis an méid seo a leanas:-

- An rud is fearr don pháiste mar a luaitear in aon mheasúnú curtha i bhfeidhm faoi réir na hAhta seo, nó,
- Oideachas a sholáthar go héifeachtach do na páistí eile sa seomra leis an bpáiste le riachtanais speisialta.

Trí chlárú i Scoil Bhríde, glacann na tuismitheoirí/caomhnóirí leis an gcód iompair i Scoil Bhríde agus leis na polasaithe sa scoil i réimse an oideachais.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an mbeartas seo ar _____

Sínithe:- _____ Sínithe:- _____

(Cathaoirleach an Bhoird) (Príomhoide)

Dáta:- _____ Dáta: _____

Nós Imeachta don Athbhreithniú:

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo go rialta ag brath ar thaithí. Déanfar athbhreithniú air ar bhonn foirne iomláin agus ar bhonn an Bhoird Bhainistíochta.